Irish Statistical System
Code of Practice

**An Phríomh-Oifig Staidrimh**
Central Statistics Office

## Cód Cleachtais Chóras Staidrimh na hÉireann

## Tuarascáil Bhliantúil an Ard-Stiúrthóra

## 2015

Is í seo an 3ú tuarascáil bhliantúil ó seoladh Cód Cleachtais Chóras Staidrimh na hÉireann (ISSCoP) sa bhliain 2013. Céim ríthábhachtach is é ISSCoP chun rialachas agus cáilíocht staitisticí oifigiúla in Éirinn a threisiú.

Le linn 2015 bhí an-chuid teagmhála idir an Phríomh-Oifig Staidrimh agus Ranna agus Gníomhaireachtaí den Rialtas i ndáil leis an tiomantas do bharrchleachtas i dtáirgeadh Staitisticí Oifigiúla de réir ISSCoP a threisiú. Rinneadh an obair seo trí Ghrúpa Teagmhála Foirmiúil na Staitisteoirí (FSLG). Is maith an dul chun cinn a bhí bainte amach nuair a shínigh deich n-eagraíocht de chuid FSLG Ráitis Tiomantais ISSCoP agus nuair a cheap siad Comhordaitheoirí Staitisticí faoin gCód.

Le linn 2016 cuirfear cur i ngníomh céimneach an Chóid chun cinn i gcónaí trí Ghrúpa Teagmhála Foirmiúil na Staitisteoirí. Spreagfar gach eagraíocht FSLG nach bhfuil síniú tugtha aige fós Ráitis Tiomantais don gCód a chomhlánú agus tacófar leo. Lena chois sin, tá plean ar bun go gcomhlánóidh roinnt eagraíochtaí FSLG an Ceistneoir Féinmheastóireachta ISSCoP agus go bhforbróidh siad a leibhéal féin comhlíontais i ndáil le prionsabail an chóid.

Bunófar Stiúrthóireacht nua um Chomhordú an Chóras Staidrimh sa Phríomh-Oifig Staidrimh i lár 2016. Ar chúramaí na Stiúrthóireachta seo áireofar an chreatlach chomhordúcháin riachtanach a chruthú a thacóidh leis an gcóras staidrimh i gcoitinne agus a dhéanann éascaíocht don Phríomh-Oifig Staidrimh a cuid riachtanas reachtúil náisiúnta agus san AE a chomhlíonadh. Chuige seo beidh uirthi sásraí um dhearbhú a fhorbairt chun monatóireacht a dhéanamh d'fhéachaint an gcomhlánaíonn gach tiomsaitheoir Staitisticí Oifigiúla Cód Cleachtais Chóras Staidrimh na hÉireann agus go gcomhlánaíonn gach tiomsaitheoir Staitisticí Eorpacha Cód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh chomh maith leis na riachtanais reachtúla atá leagtha amach i Rialachán leasaithe (CE) 223/2009.

Tá an-chuid tacaíochta faighte againn uair eile in 2015 ónár gcomhghleacaithe sa tseirbhís phoiblí i ndáil le cur i ngníomh céimneach an tionscnaimh seo a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leis. Is cabhair é seo dúinn go léir chun ár gCóras Staidrimh féin anseo in Éirinn a threisiú. Thar ceann na Príomh-Oifige Staidrimh, táim ag tnúth le bheith ag leanúint den gcomhoibriú seo lenár gcomhpháirtithe go léir sna blianta amach romhainn.

Pádraig Daltún
Ard-Stiúrthóir
An Phríomh-Oifig Staidrimh

An Phríomh-Oifig Staidrimh
Bóthar na Sceiche Airde
Corcaigh
T12 X00E
Éire

*Oifig i mBaile Átha Cliath*
*+353 1 498 4000*

Central Statistics Office
Skehard Road
Cork
T12 X00E
Ireland

*Dublin Office*
*+353 1 498 4000*

LoCall 1890 313 414 (ROI)
0870 876 0256 (UK/NI)
+353 21 453 5000
+353 21 453 5555

information@cso.ie
www.cso.ie